A chroch Dé, déana mo leigheas

[Mac Cionnaith, L. *Dioghluim Dána*, Dublin, 1938, poem 2]

1 A chroch Dé déana mo leigheas,
lus na sláinte siridh dhamh;
do mhaothbharr fa caomh a chéaddath,
a naomhchrann saor géagach glan.

2 Congain liom ag leigheas m'anma;
madh áil leat fóir mo chorp;
ar ndul i gclí san teagh triallaim;
neamh re ngach ní iarraim ort.

3 Dom throsgadh thánag-sa chugad,
a chroch Íosa fhóireas mé;
dod rodhalta ní dú a dhímheas,
tú banaltra dhíleas Dé.

4 Tú d'altrom éinmhic ar seathar
sluagh an bheatha bheanfas locht;
fir 's mná na cruinne fad chíos-sa
a-tá bruinne Íosa it ucht.

5 Duit as mharcach mac na hóighe,
a eo corcrach na gcaor ndearg,
bhias san bhráth ar mhuin do mharcaigh;
tráth sguir ba fortail bhar bhfearg.

6 A abhall na n-ubhall gcumhra,
a chrann torthaidh na dtrí mbláth,
do fóireadh leat lán na talmhan,
a chlár breac ler cabhradh cách.

7 Créad an chúis fa gcantar abhall
ret fhiodhbhaidh chorcra, a chroch naomh?
congain liom go leanar th'fhoras,
a mhionn leabhar solas saor.

8 A ghráinne áluinn d'fhiodh Parrthais,
peacadh talmhan [tú do] shás;
ba geall a chlann ris an gcánaidh
crann tar ceann n-Ádhaimh do fhás.

9 Is é an crann-soin, a chroch Íosa,
t'adhbhar-sa - más fhíor don sdair;
fa dearg an crann do chrú a ochta,
is tú an call corcra fa chnaibh.

10 Abhall oile ón ubhall Éabha
do orduigh Críosd, a chroch naomh;
anmanna cáich uile th’ubhla,
a mhuine bhláith chumhra chaomh.

11 Is ionnat do dhoirt an Dúileamh
deireadh Carghais - cródha an mhúith -
fuil a chridhe ar cuaird dar gcosnamh,
a bhile suairc dosghlan dlúith.

12 Muir ghorm do-ghéanta don talamh,
talamh don mhuir magh don tráigh,
’s do-ghéanta féine, a chroch chéasda,
roth gréine is éasga madh áil.

13 Lá áluinn don oidhche gheimhridh
do-ghéanta cheana, a chroch Dé;
do-ghéanta trá [eadh dot aghaidh]
lá geal gémadh adhaigh é.

14 Ó chéadlá chruithighthe an bheatha
dá mbeinn dod luadh go ló an bhráith
gémadh mír do ghníomh ní [gheallfam]
do ríomh, a mhín [bheannchrann] bhláith.

15 A chroch dhearg i ndeachaidh Íosa
d’fhagháil báis nachar bhás dó
don mhac shaor do bhí ar do bhruinne
do fhaomh rí na cruinne a chró.